



An Bhruiséil, 19 Nollaig 2025
(OR. en)

17050/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0422 (COD)**

**SIMPL 218
ANTICI 220
MI 1084
TRANS 664
ENV 1432
ENT 296
SOC 860
CODEC 2186**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Nollaig 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 993 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006, (AE) 2018/858, (AE) 2019/2144 agus (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála maidir le mótarfheithiclí a shimpliú agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE ón gComhairle agus Rialachán Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 993 final.

Faoi iamh: COM(2025) 993 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 993 final

2025/0422 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006, (AE) 2018/858, (AE) 2019/2144 agus (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála maidir le mótarfheithiclí a shimpliú agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE ón gComhairle agus Rialachán Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

{SWD(2025) 1056 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is colún de gheilleagar an Aontais é an slabhra luacha mótarfheithiclí, ar fiú EUR 589.3 billiún agus 3,7 % de bhreisluach iomlán OTI na hEorpa é, agus fostaíocht dhíreach 10,6 milliún Eorpach¹.

I dtimpeallacht trádála atá ag éirí níos dothuartha, tá sé fíor-riachtanach earnáil mótarfheithiclí láidir agus iomaíoch a choinneáil ar bun chun neamhspleáchas straitéiseach agus seasamh eacnamaíoch domhanda an Aontais a chosaint.

Leis an anailís a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha ardleibhéil ó Enrico Letta agus Mario Draghi² le déanaí, cuirtear laghdú na n-ualaí rialála agus simpliú reachtaíocht an Aontais i measc na bpríomhthosaíochtaí. Cé go bhfuil intuarthacht ag baint leis an gcreat rialála atá ann cheana agus cuidíonn sé lenár gcomhchuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach, níor cheart dó, áfach, ualach ná costais mhíchuí a chur ar an tionscal. Chuir ionadaithe ó earnáil mótarfheithiclí an Aontais i dtábhacht le déanaí nach mór do mhonaróirí feithiclí Eorpacha líon ard reachtaíochta³ a chomhlíonadh idir seo agus 2030, rud a fhágfaidh go mbeidh costais taighde agus forbartha suas le 25 % i gcásanna áirithe⁴.

Ina treoirlínte polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024–2029⁵, leag an tUachtarán von der Leyen amach fíis atá dírithe ar rathúnas inbhuanaithe agus ar iomaíochas a neartú ar fud na hEorpa, agus cur i dtábhacht an gá atá le gnó a dhéanamh níos tapúla agus níos éasca. Leagadh é sin amach a thuilleadh nuair a glacadh an compás iomaíochais i mí Eanáir 2025⁶, agus ina dhiaidh sin an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan i mí Feabhra 2025⁷ agus an Teachtaireacht ‘Eoraip níos simplí agus níos tapúla’ maidir le cur chun feidhme agus simpliú⁸. Luadh creat rialála cuíchóirithe lena mbaineann ualach riaracháin laghdaithe mar cheann de cholúin bhunúsacha an treochláir iomaíochais nua seo.

¹ Figiúirí bunaithe ar shonraí ó Eurostat FIGARO: <https://ec.europa.eu/eurostat/web/esa-supply-use-input-tables/information-data#figaro>

² Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/draghi-report_en

³ Togra ó ACEA le haghaidh creat rialála simplithe <https://www.acea.auto/publication/acea-proposal-for-simplified-regulatory-framework/>

⁴ *ACEA policy paper EU regulatory framework for the decarbonisation of road transport* [Páipéar beartais ACEA, Creat rialála AE le haghaidh dhícharbónú an iompair ar bhóithre] <https://www.acea.auto/files/ACEA-policy-paper-EU-regulatory-framework-for-the-decarbonisation-of-road-transport.pdf>

⁵ Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029 https://commission.europa.eu/priorities-2024-2029_ga

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach’, COM(2025)30 final, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0030>

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú COM/2025/85 final <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0085>

⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM/2025/47 final <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0047>.

I gcomhréir leis an gclár oibre simpliúcháin sin, luadh sa Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach⁹, a glacadh i mí an Mhárta 2025, go bhforbródh an Coimisiún, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, pacáiste um shimpliú rialála don earnáil mótarfeithiclí, trí fheabhas a chur ar chomhleanúnachas agus comhsheasmhacht idir ceanglais rialála éagsúla. Thairis sin, fógraíodh ann freisin go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, agus tograí reachtacha nua á ndéanamh aige, aga seachadta leordhóthanach a thabhairt don tionscal chun na ceanglais rialála nua sin maidir le mótarfeithiclí a léiriú sa phróiseas forbartha táirgí. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gclár oibre simpliúcháin sin i bhfianaise chastacht na bhforbairtí feithiclí agus na n-ailtireachtaí atá ag dul i méid, lena n-áirítear bogearraí, samhlacha intleachta saorga, agus neamhspleáchas méadaitheach.

Tar éis na ngealltanais thuasluaite, leis an omnibus um mótarfeithiclí, déanfar forálacha agus nósanna imeachta áirithe de na gníomhartha seo a leanas a shimpliú agus a chuíchóiriú chun na cuspóirí sonracha seo a leanas a bhaint amach:

- Deireadh a chur le bacainní rialála ar ghlacadh feithiclí leictreacha tráchtála éadroma

Tá feithiclí leictreacha tráchtála éadroma níos troime mar thoradh ar mheáchan a gceallra. Cé go bhfuil na cásanna pálasta agus úsáide céanna acu agus atá ag feithicil tráchtála éadrom ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh ag a bhfuil uasmhais incheadaithe faoi bhun 3,5 tona, tagann siad faoi raon feidhme na rialacha maidir le hamanna tiomána agus rialacha sosa lena gceanglaítear suiteáil agus úsáid an tacagraif le haghaidh feithiclí tráchtála ar mó ná 3,5 tona a n-uasmhais incheadaithe chomh maith leis an gceanglas teorantóirí luais a bheith feistithe orthu. Fágann na ceanglais sin nach bhfuil feithiclí leictreacha éadroma den sórt sin ar mó a mais ná 3,5 tona chomh tarraingteach céanna do chustaiméirí, ar FBManna agus micrifhiontair go leor acu, mar gheall ar na costais a bhaineann le tacagraf¹⁰ agus teorantóir luais a shuiteáil agus a úsáid. Cuireann ualach breise den sórt sin bac ar ghlacadh veaineanna leictreacha i gcomparáid le veaineanna innill dócháin comhchosúla, rud a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, deacracht mhéadaithe a chruthú do mhonaróirí feithiclí spriocanna feidhmíochta CO2 d'fheithiclí tráchtála éadroma a bhaint amach.

Aithníodh agus cuireadh an tsaincheist sin san áireamh freisin san athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar Threoir an Aontais maidir le Ceadúnais Tiomána¹¹, trína mbeidh ceadúnas chatagóir B bailí, 2 bhliain tar éis a eisiúna den chéad uair, i gcás feithiclí ar mó ná 3,5 tona a n-uasmhais údaraithe ach nach mó ná 4,25 tona í.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach COM/2025/95 final <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0095>

¹⁰ Is gaireas é an tacagraf lena dtaifeadtar am tiomána, sosanna agus tréimhsí sosa chomh maith le tréimhsí oibre eile agus infhaighteacht tiománaithe atá ag gabháil d'iompar earraí nó paisinéirí de bhóthar.

¹¹ Treoir (AE) 2025/2205 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2025 maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2022/2561 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún (IO L, 2025/2205, 5.11.2025 <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2205/oj>).

Rialachán (CE) Uimh. 561/2006¹²: Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le hamanna tiomána, sosanna agus tréimhsí sosa do thiománaithe feithiclí atá ag gabháil d’iompar earraí de bhóthar, chomh maith le tiománaithe atá ag gabháil d’iompar paisinéirí de bhóthar, agus arb é is aidhm dó iomaíocht chóir a áirithiú i measc oibreoirí iompair de bhóthar, feabhas a chur ar dhálaí oibre tiománaithe, agus rannchuidiú le sábháilteacht ar bhóithre. Is é an tacagraf an príomhghaireas a úsáidtear chun amanna tiomána agus tréimhsí sosa a rialú. Rialáiltear suiteáil, tógáil agus úsáid an tacagraif le Rialachán (AE) Uimh. 165/2014¹³.

Rialachán (AE) 2019/2144¹⁴: ar a dtugtar an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta freisin, leagtar síos leis an Rialachán sin ceanglais sábháilteachta feithicle an Aontais le haghaidh cineálcheadú feithicle, lena n-áirítear na ceanglais sin lena dtugtar aghaidh ar na hábhair inní shonracha atá ag úsáideoirí soghonta bóithre, amhail coisithe agus rothaithe. Áirítear leis freisin an ceanglas teorantóirí luais a bheith feistithe ar fheithiclí N2¹⁵.

- Na costais choigeartaithe a bhaineann le tástálacha astaíochtaí Euro 7 a laghdú

Leagtar amach in Airteagal 14(7) de Rialachán Euro 7 (AE) 2024/1257¹⁶ go léireoidh na modhanna chun astaíochtaí truaileán a thomhas na modhanna a leagtar síos i Rialachán (AE)

¹² Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lgh. 1–14 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2006/561/oj>)

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lgh. 1–33 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2014/165/oj>)

¹⁴ Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1–40 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj>).

¹⁵ De réir shainmhíniú Airteagal 4, mír 1 (b) (ii), de Rialachán (AE) 2018/858: mótarfeithiclí ar mó ná 3,5 tona a n-uasmhais ach nach mó ná 12 thona í

¹⁶ Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfeithiclí agus inneall agus córas, comhphárteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1257, 8.5.2024 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj>)

2017/1151¹⁷ (i.e., Euro 6). Mar sin féin, cé gur leagadh síos teorainneacha astaíochta sonracha – atá i bhfad níos airde - in Euro 6 le haghaidh tástáil saotharlainne ag teocht íseal, níl teorainneacha astaíochta tiomnaithe i Rialachán Euro 7 don nós imeachta tástála sonracha sin. An ceanglas maidir leis na teorainneacha ginearálta astaíochtaí a chomhlíonadh faoi thástáil saotharlainne den sórt sin ag teocht íseal, téann sé i gcoinne rún Airteagal 14(7) agus mhéadóidh sé an t-ualach rialála ar mhonaróirí feithiclí agus ar údarais cineálcheadaithe náisiúnta gan aon tairbhe d'fheidhmíocht chomhshaoil.

Thairis sin, ceanglaítear le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Euro 7 cineálcheadú a dhéanamh ar thástálacha inneall feithiclí tromshaothair in aghaidh an chineáil feithicle. Leis an gceanglas sin, tabharfar isteach ualach riaracháin agus rialála nach bhfuil gá leis trí thástálacha a mhéadú gan sochair bhreise chomhshaoil a chur ar fáil. Níl sé sin ag teacht le rún na gcomhrechtóirí teorainneacha astaíochtaí d'fheithiclí tromshaothair a neartú agus modhanna tástála seanbhunaithe an Rialacháin Euro 6 á gcoinneáil.

Ar deireadh, níl an Rialachán Euro 7 sonracha maidir leis na modhanna chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí a fhaightear ó chórais faireacháin ar bord (OBM) agus ó fheistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh (OBFCM) atá i bhfeithiclí Euro 7, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cineálacha cur chuige neamh-chomhchuíbhithe neamhéifeachtúil a mhéadóidh costais ar mhonaróirí agus údarais feithiclí.

Rialachán (AE) Uimh. 2024/1257: cumhdaíonn an Rialachán seo, ar a dtugtar Euro 7 freisin, cineálcheadú feithiclí, inneall, agus córas agus comhpháirteanna gaolmhara i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí. Tugtar isteach leis freisin bearta chun faireachán ar bord a dhéanamh ar astaíochtaí, ar fheidhmíocht ceallraí, agus ar fheidhmíocht astaíochtaí le linn saolré feithicle.

- Feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ilroinnt na margaí a sheachaint (torann; idir-inoibritheacht feithicle le bonneagar athluchtaithe agus eangach)

Leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 540/2014¹⁸ teorainnluachanna torainn sainordaitheacha le haghaidh catagóirí éagsúla feithiclí agus forbairt Córas Fuaimiúil Foláirimh d'Fheithiclí (AVAS) le haghaidh feithiclí leictreacha. An tráth céanna, aithnítear i rialachán an Aontais maidir le cineálcheadú mótarfeithicle gur rogha mhalartach é comhlíonadh Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe maidir le torann agus AVAS. Ós rud é nach n-áirítear i Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 sásra chun na ceanglais a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le forbairtí de chuid NA, cruthaíodh leis sin sraith chomhthreomhar rialacha chun cineálcheadú mótarfeithicle a fháil, ar rialacha iad a bhféadfadh bealaí éalaithe agus neamhréireachtaí a bheith i gceist leo don earnáil mótarfeithiclí, d'údarais cineálcheadaithe náisiúnta agus d'údarais um fhaireachas margaidh.

¹⁷ Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfeithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1–643 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2017/1151/oj>).1–643 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2017/1151/oj>)

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le leibhéal na fuaim ó mhótarfeithiclí agus ó chórais tosta athsholáthair, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE (IO L 158, 27.5.2014, lgh. 131–195 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2014/540/oj>)

Rialachán (AE) Uimh. 540/2014: Is é is aidhm do Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 na príomhfhoinsí torainn ó mhótarfheithiclí a laghdú. Leagtar síos sa rialachán teorainnluachanna torainn le haghaidh na gcatagóirí éagsúla feithiclí, leagtar amach ann rialacha maidir le lipéadú agus faisnéis do thomhaltóirí, agus maidir le Córais Fhuaimiúla Foláirimh d'Fheithiclí (AVAS) a fhorbairt le haghaidh feithiclí leictreacha.

Ós rud é go bhfuil teicneolaíocht feithiclí ceallra-leictreacha ag athrú go tapa agus go bhfuil méadú ag teacht ar dhul i bhfód feithiclí leictreacha ar an margadh, tá an idir-inoibritheacht idir feithiclí, an bonneagar athluchtaithe agus an eangach leictreachais ag éirí níos criticiúla. Tá cur chuige comhchuibhithe maidir le hidir-inoibritheacht - ar leibhéal an Aontais – fíorriachtanach chun ilroinnt ceanglas teicniúil áirithe atá á bhforbairt faoi láthair lasmuigh den chreat cineálcheadaithe feithicle a sheachaint, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gCód Gréasáin athbhreithnithe (DDC 2.0 - Rialachán (AE) 2016/1388¹⁹ agus RfG 2.0 (AE) 2016/631²⁰). Dá bhrí sin, chun cumais chomhchuibhithe feithiclí ceallra-leictreacha a áirithiú agus chun seirbhísí idir-inoibritheacha ó fheithicil go heangach (V2G) a chumasú, beidh ar na feithiclí sin ceanglais theicniúla áirithe a chomhlíonadh. Ar na cúiseanna sin, ba cheart cumhachtú don Choimisiún a bhunú laistigh de Rialachán (AE) 2018/858²¹.

Rialachán (AE) 2018/858: is é an creat ginearálta é lena leagtar amach rialacha uile-Aontais maidir le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta chun a áirithiú go gcomhlíonann cineálacha nua mótarfheithiclí agus a leantóirí ceanglais maidir le sábháilteacht agus cosaint an chomhshaoil arna gceadú ag an Aontas. Is é is aidhm dó leibhéal cáilíochta agus neamhspleáchas an chineálcheadaithe feithicle a mhéadú.

– Dlús a chur le glacadh feithiclí leictreacha beaga inacmhainne

Tá easpa feithiclí leictreacha beaga inacmhainne ar mhargadh na hEorpa faoi láthair. Chaill deighleoga A agus B méid iomlán díolachán 1,6 milliún i gcomparáid le 2019, agus in 2024 ba carranna mórmhéide (deighleog E agus F) agus SUVanna iad 70 % de dhíolacháin feithiclí ceallra-leictreacha nua²². Chomh maith leis sin, tá treoht ghinearálta ann maidir le praghsanna méadaitheacha feithiclí ar fud an Aontais, rud a fhágann nach mbeidh rochtain de réir a chéile ag go leor teaghlaigh mheánaicmeacha ar úinéireacht feithicle aonair. Dá bhrí sin,

¹⁹ Rialachán (AE) 2016/1388 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2016 lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Nasc Éilimh (IO L 223, 18.8.2016, lgh. 10–54 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/1388/oj>).

²⁰ Rialachán (AE) 2016/631 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2016 lena mbunaítear cód gréasáin i dtaobh ceanglais maidir le nasc eangaí gineadóirí (IO L 112, 27.4.2016, lgh. 1–68 <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32016R0631&qid=1765439921702>).

²¹ Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1 <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32018R0858&qid=1767975336406>).

²² Tagraíonn ‘deighleoga’ feithicle d’aicmí méide neamhfhoirmiúla a úsáidtear go coitianta i margadh na hEorpa. Deighleog A: mionghluaisteáin (e.g. carranna cathrach an-bheaga). Deighleog B: gluaisteáin bheaga/carranna beagmhéide. Deighleog C: gluaisteáin íseal-mheánmhéide/carranna meánmhéide. Deighleog D: carranna mórmhéide/meánmhéide. Deighleog E: gluaisteáin feidhmeannaigh/lánmhéide. Deighleog F: gluaisteáin sóchais/shuaitheanta. Is gnásanna tuairisciúla iad na catagóirí sin seachas aicmí atá sainmhínithe de réir dlí.

i mí Mheán Fómhair 2025, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin tionscnamh um ghluaisteáin bheaga inacmhainne arb é is aidhm dó an margadh a dhreasú le haghaidh feithiclí leictreacha beaga. Chuige sin, beidh gá le bearta rialála spriocdhírthe. Féachfaidh an Coimisiún le ceanglais nua a reo ar feadh 10 mbliana agus molfaidh sé dreasachtaí spriocdhírthe i gcaighdeáin astaíochtaí feithiclí CO₂ le haghaidh feithiclí leictreacha beaga. D'fhéadfadh dreasachtaí fíoscacha (amhail scéimeanna fóirdheontais) agus neamhfíoscacha (amhail spás páirceála forchoimeáda) a bheith mar thoradh ar an tionscnamh freisin, rud a bheadh comhoiriúnach leis na rialacha maidir le Státchabhair, i gcás inarb infheidhme. Chun na críche sin, is gá sainmhíniú ar ghluaisteáin leictreach beag a chur isteach sa reachtaíocht maidir le mótarfeithiclí is féidir a úsáid le haghaidh bearta spriocdhírthe i reachtaíocht an Aontais agus ag na Ballstáit. Thabharfadh sé sin simpliú do ghnólachtaí, rud a neartódh an cás gnó chun gluaisteáin leictreacha bheaga inacmhainne a thógáil go brabúsach san Eoraip agus chun an praghas do thomhaltóirí a laghdú.

Níl sa togra seo ach an chéad chéim chun an clár oibre simpliúcháin le haghaidh earnáil mótarfeithiclí na hEorpa a bhaint amach. Ní áirítear ann ach líon teoranta beart simpliúcháin atá spriocdhírthe ach éifeachtach. I gcomhthéacs an tsimpliúcháin, d'ardaigh páirtithe leasmhara saincheisteanna eile maidir le simpliú an chreata rialála le haghaidh na hearnála mótarfeithiclí nach dtugtar aghaidh orthu san Omnibus seo ach measfar na saincheisteanna sin agus reachtaíocht maidir le mótarfeithiclí á forbairt agus á cur chun feidhme a thuilleadh. Mar chuid de na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, luaigh Comhlachas Mhonaróirí Mótarfeithiclí na hEorpa (ACEA) thart ar 130 píosa reachtaíochta atá le teacht lena ndéanfar difear don earnáil mótarfeithiclí.⁽²³⁾

Mar sin féin, áirítear sa liosta sin ó ACEA beagnach 70 nuashonrú ar Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, nach bhfuil sainordaitheach i reachtaíocht an Aontais ag an bpointe seo. Astu sin, shainaithin an Coimisiún Eorpach thart ar 40 leasú ar Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana nó ar Rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe a chuirfidh an Coimisiún siar nó nach nglacfaidh sé san Aontas.

Thairis sin, beidh an clár oibre simpliúcháin bunaithe ar na prionsabail ghinearálta seo a leanas:

Ceanglais rialála a ghrúpáil ina mbaisceanna

D'fhéadfadh an Coimisiún ceanglais rialála nua a bhaineann go sonrach le mótarfeithiclí a ghrúpáil agus dátaí cur i bhfeidhm sainordaitheacha á socrú aige sa reachtaíocht thánaisteach – mura rud é go bhfuil dáta difriúil leagtha síos ag an reachtóir sa ghníomh dlí. Bheadh 'dáta comhlíonta mótarfeithiclí' uathúil leagtha síos, rud a d'éascódh comhlíonadh rialála do ghnólachtaí.

²³ Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán; Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán; Rialacháin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha; an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe; an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite; an Gníomh um Shonraí; Rialachán maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe; an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha; an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla; an Rialachán maidir le Táirgí Inbhuanaithe Eorpacha; an Treoir maidir le Trealamh Raidió; an Treoir maidir le hÍsealvoltas; an Treoir maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach; an Treoir maidir le hEarraí Piriteicniúla; an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha an Gníomh um an Intleacht Shaorga; an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh; an Treoir maidir le Brú-Threalamh; an Treoir maidir le Árthaí Brú; an Treoir maidir le Brú-threalamh Iniompartha; an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair; Cód Gréasáin maidir le Nascóirí Eangaí; an Gníomh um Chibear-Athléimneacht an Rialachán maidir le hInnealra; an Treoir maidir le Ródacmhainneacht.

Ina theannta sin, áiritheoidh an Coimisiún, a mhéid is féidir ó thaobh an dlí de, go socrófar sásra le haghaidh reachtaíocht nach mbaineann go sonrach le mótarfheithiclí chun a áirithiú go dtiocfaidh ceanglais le haghaidh na hearnála mótarfheithiclí i bhfeidhm an ‘dáta comhlíonta mótarfheithiclí’.

Aga seachadta don tionscal a urramú

Sa Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluasteán Eorpach, tá gealltanús tugtha ag an gCoimisiún, agus tograí reachtacha á ndéanamh aige, aga seachadta leordhóthanach a thabhairt don tionscal chun ceanglais rialála nua den sórt sin a léiriú sa phróiseas forbartha táirgí. Is prionsabal ginearálta é sin, tá an Coimisiún réidh chun é a urramú, ach ní féidir ceanglas dlíthiúil a dhéanamh de i nGníomh Omnibus.

Raon feidhme na gceanglas rialála nua

Sa reachtaíocht a bhaineann go sonrach le mótarfheithiclí, bíonn dáta cur i bhfeidhm éagsúil ann i gcónaí le haghaidh cineálacha nua feithiclí agus le haghaidh gach feithicle nua (i.e. le haghaidh cineálacha feithiclí atá ann cheana) chun an gá atá le hathfhorbairt a chur san áireamh. I gcásanna áirithe, amháin an Rialachán maidir le eCall, níor bunaíodh ceanglais ach amháin maidir le cineálacha nua feithiclí. Is gá an cinneadh gan rialáil a dhéanamh ar chineálacha feithiclí atá ann cheana a dhéanamh de réir an cháis, agus na costais a bhaineann le hathfhorbairt na gcineálacha feithiclí atá ann cheana á gcur san áireamh, rud a d’fhéadfadh tionchar mór a imirt ar ghluasteáin bheaga ag a bhfuil corrlaigh níos ísle, agus na tairbhí a bhaineann leis na ceanglais rialála nua

An creat cineálcheadaithe a shimpliú

I bhfianaise luas méadaitheach na nuálaíochta sa tionscal, go háirithe treochtaí maidir le tiomáint uathoibríthe agus nuashonruithe bogearraí, is iomchuí measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht simpliúcháin i gcreat cineálcheadaithe an Aontais le haghaidh mótarfheithiclí. D’fhéadfadh castacht rialála a bheith ina srian ar mhonaróirí an Aontais san iomaíocht dhomhanda le monaróirí ó dhlínsí eile.

In 2026, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán maidir le Creat um Chineálcheadú Mótarfheithicle, Rialachán (AE) 2018/858. Cuideoidh sé sin le measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht costais tástála agus tuairiscithe a laghdú le haghaidh na hearnála mótarfheithiclí. Sainaithníodh le réamhanailís a rinne seirbhísí an Choimisiúin go bhféadfaí an líon tástálacha saotharlainne a laghdú le linn an chineálcheadaithe trí thástáil níos fíorúla a úsáid agus trí chleachtas measúnaithe riosca a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar conas is fearr is féidir tástálacha *ex ante* a chomhcheangal le faireachán le linn úsáide (mar a cuireadh i bhfeidhm cheana i Rialachán Euro 7, ina gcomhlánaítear tástálacha *ex ante* níos éadroime le faireachán ar bord ar fheidhmíocht astaíochtaí).

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra mar chuid de phacáiste beart a bhaineann le hiomaíochas earnáil mótarfheithiclí na hEorpa. Is é is aidhm dó costais riaracháin agus choigeartaithe a laghdú do thionscail chun margadh aonair dea-fheidhmiúil le haghaidh mótarfheithiclí a áirithiú, agus an t-ardleibhéal sábháilteachta agus feidhmíochta comhshaoil a bhunaítear sa chreat rialála á choinneáil ar bun.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an tionscnamh seo le simpliú an chreata rialála le haghaidh na hearnála mótarfeithiclí, mar a fógraíodh sa **Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach**. Is cuid de Phacáiste Mótarfeithiclí é, mar aon leis an athbhreithniú ar fheidhmíocht CO₂ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, na Flíteanna Corparáideacha a Dhíchárbónú agus pacáiste um Threisiú leis an Tionscal Ceallraí chun borradh a chur faoi iomaíochas earnáil mótarfeithiclí an Aontais san aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha.

I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta, cuireann an tionscnamh sin feabhas ar chomhleanúnachas agus ar chomhsheasmhacht idir ceanglais rialála éagsúla. Cuirtear chun feidhme leis cuspóirí an Chláir Oibre Simpliúcháin agus na Straitéise um an Margadh Aonair le haghaidh na hearnála mótarfeithiclí. Ní dhéanann na bearta simpliúcháin difear do na cuspóirí beartais atá taobh thiar de na rialacháin ábhartha. Rannchuidíonn na bearta le dícharbónú na hearnála mótarfeithiclí trí dheireadh a chur le bacainní rialála ar ghlacadh feithiclí leictreacha tráchtála éadroma, i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht CO₂ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna. Ní dhéanann na bearta simpliúcháin difear d'fheidhmíocht chomhshaoil feithiclí agus tá siad ailínithe go hiomlán leis na cuspóirí comhshaoil maidir le truailliú aeir agus torann comhthimpeallach ó mhótarfeithiclí a laghdú. Ní laghdaíonn na bearta simpliúcháin feidhmíocht sábháilteachta feithiclí agus tá siad ailínithe go hiomlán le beartais an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

Ina theannta sin, soláthraítear leis an Omnibus Digiteach²⁴ leasuithe teicniúla ar reachtaíocht dhigiteach a bhaineann leis an earnáil mótarfeithiclí, lena n-áirítear teacht i bhfeidhm forálacha intleachta saorga (IS) ardriosca, próiseáil iarmharach sonraí pearsanta catagóire speisialta le haghaidh oiliúint, tástáil agus oibriú IS agus forálacha dhlíthe sonraí an Aontais a chomhdhlúthú, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagail 91 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na bunúis dlí bhunaidh chun na creataí earnála a ghlacadh, arb é is aidhm don togra seo iad a leasú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is gníomhartha dlí de chuid an Aontais iad na Rialacháin atá le leasú. Dá réir sin, is gá leasuithe a dhéanamh ar na Rialacháin sin ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí maidir le simpliú agus laghdú ualaigh a bhaint amach gan cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a laghdú.

²⁴ Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/679, (AE) 2018/1724, (AE) 2018/1725, (AE) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a mhéid a bhaineann le simpliú an chreata reachtaigh digitigh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1807, (AE) 2019/1150, (AE) 2022/868, agus Treoir (AE) 2019/1024 (Omnibus Digiteach) (COM(2025) 837 final <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/digital-omnibus-regulation-proposal>).

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear leis an togra seo Rialacháin arna ghlacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach agus, dá bhrí sin, is gá na leasuithe ar na Rialacháin sin a ghlacadh le Rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhthéacs an Idirphlé Straitéisigh maidir le Todhchaí Earnáil Mótarfheithiclí na hEorpa i mí Eanáir 2025 agus an Chomhairliúcháin Phoiblí maidir le Todhchaí Earnáil Mótarfheithiclí na hEorpa²⁵, d'ardaigh ceannairí tionscail an gá atá leis an gcreat rialála a shimplíú. Ina dhiaidh sin, d'fhiosraigh an Coimisiún dearchtaí an tionscail agus páirtithe leasmhara eile i malartuithe déthaobhacha éagsúla, trí aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara ina raibh tograí maidir le simpliú rialála, agus i gcrúinniú leis an Meitheal um Mótarfheithiclí²⁶. Tháinig moltaí éagsúla chun cinn trí na hionchuir sin ó pháirtithe leasmhara chun forálacha áirithe den reachtaíocht maidir le mótarfheithiclí a shimplíú nó a shoiléiriú agus chun deireadh a chur leis an ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a eascraíonn as na forálacha sin.

An 14 Deireadh Fómhair 2025, sheol an Coimisiún Eorpach Comhairliúchán Spriocdhírthe le Páirtithe Leasmhara i bhfoirm suirbhé ar líne, arb é is aidhm dó aiseolas a bhailiú maidir le réamhliosta leasuithe ar rialacháin maidir le mótarfheithiclí atá ann cheana. Seoladh an suirbhé seo amach chuig os cionn 130 páirtí leasmhar (68 bhfreagra) ón earnáil mótarfheithiclí, ina raibh monaróirí feithiclí, monaróirí comhpháirteanna mótarfheithiclí, comhlachais tionscail, ENRanna, oibreoirí flíteanna, údaráis cineálcheadaithe náisiúnta, údaráis um fhaireachas margaidh agus údaráis náisiúnta ábhartha eile. Iarradh ar pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl maidir le réamhliosta leasuithe, i.e. an bhfuil coinne acu leis go mbeidh tionchar eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil dearfach, neodrach nó diúltach ag na bearta, agus go mbeidh tionchar acu ar an ualach rialála. Thairis sin, fuair an Coimisiún roinnt páipéar seasaimh ó pháirtithe leasmhara, inar soláthraíodh moltaí, sonraí agus meastacháin bhreise ar chostais a cuireadh san áireamh maidir leis an togra seo a ullmhú.

Sna grúpaí páirtithe leasmhara uile, tháinig tacaíocht láidir chun cinn do na bearta atá beartaithe.

- **Measúnú tionchair**

Ós rud é gur gá togra a chur ar aghaidh go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainithníodh chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis a laghdú, ní rabhthas in ann measúnú tionchair a ullmhú.

²⁵ Comhairliúcháin Poiblí maidir le Todhchaí Earnáil Mótarfheithiclí na hEorpa https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14487-Future-of-the-European-automotive-industry_ga

²⁶ Grúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin ina bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit agus raon leathan páirtithe leasmhara ón earnáil mótarfheithiclí agus ón tsochaí shibhialta

Mar sin féin, de réir na bprionsabal maidir le rialáil níos fearr, tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an togra seo ina bhfuil anailís ar thionchair na mbeart atá beartaithe, ar bhonn sonraí agus faisnéis atá ann cheana a bailíodh le linn an chomhairliúcháin spriocdhírthe le páirtithe leasmhara, ionchuir i scríbhinn a fuarthas ó pháirtithe leasmhara.

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, meastar go mbeadh coigilteas mór bliantúil costais dar luach EUR 706 mhiliún i gceist leis na leasuithe don tionscal lena n-áirítear FBManna, do shaoránaigh agus do riaracháin phoiblí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra seo mar chuid de ghealltanas an Choimisiúin Eorpaigh an t-ualach rialála ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar riaracháin phoiblí san Aontas a laghdú chun borradh a chur faoi rathúnas agus athléimneacht an Aontais. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra forálacha na reachtaíochta a bhaineann le mótarfeithiclí a shimpliú, ualaí agus costais nach bhfuil gá leo a laghdú do ghnólachtaí agus d'údaráis, gan an bonn a bhaint de chosaint an chomhshaoil agus d'fheidhmíocht sábháilteachta feithiclí.

- **Ceartha bunúsacha**

Urramaítear leis an togra na ceartha bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh²⁷ agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear inti. Ba cheart gnóthachain shochoaíocha i dtéarmaí cruthú rachmais, fostaíochta agus nuálaíochta a bheith mar thoradh ar an laghdú ar an ualach riaracháin ar chuideachtaí. An tráth céanna, leis an togra féachtar le hardleibhéal cosanta don chomhshaoil agus do shábháilteacht feithiclí a áirithiú.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Ní bheidh aon chostas breise ar an gCoimisiún mar thoradh ar an tionscnamh seo.

5. **EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm forálacha nua agus ar chomhlíonadh na bhforálacha sin. Thairis sin, tá na Rialacháin atá le leasú leis an togra seo faoi réir meastóireacht thráthrialta ar a n-éifeachtúlacht, a n-éifeachtacht maidir lena gcuspóirí a bhaint amach, a n-ábharthacht, a gcomhleanúnachas agus a mbreisluach i gcomhréir le prionsabail maidir rialáil níos fearr. Ní éilítear plean cur chun feidhme leis an togra seo.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasuithe atá beartaithe ar **Rialachán (CE) Uimh. 561/2006**: is é an chéad leasú atá beartaithe cead a thabhairt do na Ballstáit veaineanna leictreacha N2²⁸ - ar mó ná 3,5 tona a n-uasmhais údaraithe ach nach mó ná 4,25 tona í - a bhíonn ag gabháil go heisiach d'iompar

²⁷ IO L 326, 26.10.2012, lch. 391, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/char_2012/oj

²⁸ De réir Airteagal 4(1)(b)(ii) de Rialachán (AE) 2018/858, is iad seo a leanas feithiclí de chatagóir N2: mótarfeithiclí ar mó ná 3,5 tona a n-uasmhais ach nach mó ná 12 thona í

intíre, a dhíolmhú ón oibleagáid tacagraif chliste a shuiteáil, chun iad a chur ar comhchéim lena gcoibhéis breosla iontaise, veaineanna díosail N1²⁹.

Is é an príomhthionchar a bhfuil coinne leis ar an mbeart atá beartaithe costas laghdaithe do chuideachtaí, go háirithe FBManna arb iad príomhúsáideoirí/ceannaitheoirí veaineanna den sórt sin iad, nach mbeidh orthu tacagraif chliste a shuiteáil a thuilleadh don chineál veain leictirigh ar leith. Ina theannta sin, trí dheireadh a chur leis an tacagraf, cinnfear laghdú ar an ualach riaracháin/na costais riaracháin do na cuideachtaí/tiománaithe nach mbeidh orthu sonraí tacagraif a íoslódáil a thuilleadh (2 go 4 uair an chloig sa mhí). Thairis sin, trí chothrom iomaíochta a bhaint amach idir veaineanna díosail N1 agus veaineanna leictreacha N2 trí phraghsanna laghdaithe ar na veaineanna sin, cuideofar le glacadh na veaineanna leictreacha sin a spreagadh.

Mótarcharbháin nó meascáin mótarcharbhán is mó ná 7.5 tona, tagann siad faoi raon feidhme na rialacha maidir le hamanna tiomána agus rialacha sosa agus faoi raon feidhme shuiteáil agus úsáid an tacagraif freisin.

I gcás C-666/21 os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE)³⁰, d'áitigh saoránach nach bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014 beartaithe d'úsáideoirí neamhthráchtála agus nár cheart caitheamh le feithiclí den sórt sin mar iompar tráchtála. Rialaigh an Chúirt, áfach, go bhféadfadh feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir le húsáideoirí neamhthráchtála a bhfuil feithiclí níos mó ná 7,5 tona acu. Go háirithe, rialaigh an Chúirt 'go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'iompar earraí de bhóthar', [...] iompar de bhóthar ag feithicil ar mó ná 7,5 tona a huasmhais incheadaithe, de réir bhrí Airteagal 4(m) de Rialachán Uimh. 561/2006, arna leasú, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil sí feistithe ní hamháin mar limistéar cónaithe príobháideach sealadach ach freisin le haghaidh lódáil neamhthráchtála earraí, gan acmhainneacht lasta na feithicle sin ná an chatagóir ina bhfuil sí sa chlár náisiúnta um thrácht ar bhóithre a bhfuil aon éifeacht aige ina leith sin'.

Chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil a bhaineann le cás sonrath mótarcharbhán ar mó ná 7,5 tona a n-uasmhais incheadaithe a úsáidtear ar chúiseanna príobháideacha, agus chun soiléireacht dhlíthiúil a chur ar fáil do mhonaróirí agus custaiméirí feithiclí den sórt sin, is é atá sa dara leasú atá beartaithe mír (s) nua a chur le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 lena gceadófar do na Ballstáit veaineanna campála a dhíolmhú ó na rialacha maidir le hamanna tiomána agus tréimhsí sosa, agus maidir leis an tacagraf. Thairis sin, beidh costais laghdaithe agus níos mó muiníne ag na tiománaithe, a úsáideann mótarcharbháin le haghaidh turasóireachta, mar thoradh ar an díolúine atá beartaithe ón oibleagáid tacagraif ar na feithiclí sin.

Leasuithe atá beartaithe ar **Rialachán (AE) 2019/2144**: is é atá i gceist leis an leasú atá beartaithe veaineanna leictreacha N2, ar mó ná 3,5 tona a n-uasmhais incheadaithe agus faoi bhun 4,25, a dhíolmhú ón oibleagáid teorantóirí luais a bheith feistithe orthu, agus ar an gcaoi sin iad a chur ar comhchéim lena gcoibhéis breosla iontaise, veaineanna díosail N1. .

Is é an príomhthionchar a bhfuil coinne leis ar an mbeart atá beartaithe costas laghdaithe do chuideachtaí, go háirithe FBManna arb iad príomhúsáideoirí/ceannaitheoirí veaineanna den sórt sin iad. Ní hamháin go n-eascróidh an coigilteas costais as na costais neamhthabhaithe a bhaineann le suiteáil an teorantóra luais, ach eascróidh sé freisin as an tsolúbthacht

²⁹ De réir Airteagal 4(1)(b)(i) de Rialachán (AE) 2018/858, is iad seo a leanas feithiclí de chatagóir N1: mótarfeithiclí nach mó ná 3,5 tona a n-uasmhais.

³⁰ Breithiúnas - 02/3/2023 – Åklagarmyndigheten - Cás C-666/21, EU:C:2023:149

oibríochtúil mhéadaithe a eascraíonn as an bhféidearthacht na feithiclí sin a thiomáint ar luas beagán níos airde agus iad ar an mórbhealach. Ina theannta sin, trí chothrom iomaíochta a bhaint amach idir veaineanna díosail N1 agus veaineanna leictreacha N2 trí phraghsanna laghdaithe ar na veaineanna sin, cuideofar le glacadh na veaineanna leictreacha sin a spreagadh. Ar deireadh, tá sé tábhachtach cur i dtábhacht nach meastar go mbeidh aon tionchar diúltach ag an díolúine sin ar fheidhmíocht chomhshaoil ná feidhmíocht sábháilteachta na bhfeithiclí lena mbaineann. Leasuithe atá beartaithe ar **Rialachán (AE) Uimh. 2024/1257**: Cumhdaítear dálaí teochta na ‘tástála saotharlainne ar theocht íseal le haghaidh astaíochtaí’ dá dtagraítear i dTáblaí 1 agus 2 d’Iarscríbhinn V leis an tástáil ‘truailleán gásach agus Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair ar Astaíochtaí Fíorthiomána’ sna táblaí céanna. Cumhdaítear comhlíonadh astaíochtaí a léiriú ag dálaí teochta ísle (ag -7 °C) tríd an gceanglas maidir le hAstaíochtaí Fíorthiomána a chomhlíonadh (ó -7 °C go 38 °C) agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil údar maith le deireadh a chur leis an tástáil saotharlainne tiomnaithe ísealteochta (Cineál 6).

Tá na héifeachtaí a bhfuil coinne leo ón mbeart atá beartaithe dírithe go príomha ar rún na gcomhreachtóirí cloí le rialacha Euro 6 a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 14(7) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1257, an t-ualach rialála a laghdú gan dúshláin chomhlíontachta a chruthú, agus deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil.

Is éard atá i mbeart eile atá beartaithe tagairt a dhéanamh do ‘catagóirí feithiclí’ seachas do ‘cineálacha feithiclí’ le haghaidh chineálcheadú inneall Euro 7 (Aonad Teicniúil ar Leith), i.e., ‘Tástálacha léirithe éigeantacha le haghaidh gach breosla dá ndeonaítear an cineálcheadú in aghaidh na catagóire feithicle agus dearbhú maidir le comhlíontacht le haghaidh gach breosla, gach pálasta agus gach catagóir feithicle is infheidhme i dtáblaí 3, 4, 7 agus 8 faoi seach d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257’.

Meastar go dtiocfaidh laghdú mór ar an ualach rialála, idir ualach riaracháin agus tástála, mar thoradh ar an mbeart atá beartaithe, gan cur isteach ar chaighdeáin chomhshaoil. Seachnaítear leis tástáil atriallach ar innill i gcineálacha éagsúla feithiclí a úsáideann teicneolaíocht chomhionann agus a ghearrann costais a bhaineann le cineálcheaduithe agus próisis tástála iomadúla. Tacaíonn sé le cobhsaíocht an mhargaidh agus d’fhéadfadh praghsanna feithiclí níos ísle a bheith mar thoradh air, rud a rachadh chun tairbhe d’oibreoirí agus do thomhaltóirí.

Le beart eile atá beartaithe, soiléireofar go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún bearta a fhorbairt chun a áirithiú go ndéanfar sonraí faireacháin ar bord (OBM) agus sonraí faireacháin ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh (OBFCM) a fháil, a thiomsú, a phróiseáil agus a stóráil go héifeachtach ar bhealach comhchuibhithe chun faireachán a dhéanamh ar fhíorfheidhmíocht cineálacha feithiclí Euro 7.

D’fhéadfadh bonneagar sonraí comhchuibhithe OBM/OBFCM ar leibhéal an Aontais coigilteas costais substaintiúil a ghiniúint i gcomparáid le gach Ballstát a bhfuil a chórais féin á bhforbairt agus á gcoinneáil ar bun aige. Eascraíonn an coigilteas as barainneacht scála, dúbailt laghdaithe, agus próisis chomhlíontachta chomhchuibhithe. Seachas idirghníomhú le córais náisiúnta iomadúla, beidh monaróirí feithiclí in ann sonraí caighdeánaithe a tharchur uair amháin, rud a laghdóidh costais comhtháthaithe agus deimhniúcháin bogearraí .

Ós rud é go bhfuil **Rialachán (AE) Uimh. 540/2014** imithe i léig, tá sé beartaithe an Rialachán a aisghairm le héifeacht ón 1 Iúil 2027. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 14 de

Rialachán 540/2014, aisghairtear Treoir 70/157/CEE³¹ ón gComhairle ón 1 Iúil 2027. Chun aon éiginnteacht dhlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, dearbhaítear leis an togra seo an aisghairm leis an dáta céanna teacht i bhfeidhm.

Chun an tagairt don Rialachán aisghairthe a ionadú, moltar leasú ar Iarscríbhinn II a ghabhann le **Rialachán (AE) 2018/858** trí thagairt a dhéanamh do na Rialacháin ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) atá bainteach le torann: Rialachán Uimh. 51³² maidir le torann ó fheithiclí de chatagóirí M agus N; Rialachán Uimh. 59³³ maidir le córais tosta athsholáthair agus Rialachán Uimh. 138³⁴ maidir le feithiclí bóthair iompair atá ciúin nó AVAS.

Leis na leasuithe atá beartaithe chun tagairt a dhéanamh do Rialacháin ó na Náisiún Aontaithe, chruthófaí cothrom iomaíochta do mhonaróirí gluaisteán an Aontais agus a gcarranna á ndíol acu ar fud an domhain trí chosc a chur orthu cloí le dhá shraith rialachán maidir le torann. Leis na hathruithe atá beartaithe, chuirfí deireadh freisin le haon bhealach éalaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus bheadh creat níos simplí/níos comhsheasmhaí ann don earnáil mótarfeithiclí, do na húdaráis chineálcheadaithe agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh araon. Ina theannta sin, rachadh raon feidhme feabhsaithe chun tairbhe don sochaí agus don chomhshaol lena gcuirtear srian ar thorann ó chúltortadh, ó ghníomhróirí fuaime agus ó chórais feabhsaithe fuaime. Moltar forálacha idirthréimhseacha chun aistriú rianúil an tionscail chuig an gcreat dlíthiúil modhnaithe a áirithiú.

Leasú atá beartaithe ar **Rialachán (CE) Uimh. 2018/858**: is é atá sa chéad bheart atá beartaithe lena leasaítear an Rialachán seo pointe 2.4 nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn I, Cuid A, pointe 2 de Rialachán (AE) 2018/858 lena sainmhínítear fochatagóir le haghaidh feithicil leictreach beag.

Leis an leasú atá beartaithe, beifear in ann díriú ar bhearta rialála maidir leis an bhfochatagóir shonrach sin i reachtaíocht an Aontais, d'fhonn táirgeadh agus glacadh feithiclí leictreacha beaga a dhreasú. Mar shampla, agus cinneadh á dhéanamh maidir le dátaí cur i bhfeidhm na rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le mótarfeithiclí, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an tionchar níos mó go comhréireach ar chostais forbartha a d'fhéadfadh a bheith ag ceanglais nua ar fheithiclí leictreacha beaga i gcomparáid le cinn níos troime agus níos costasaí. Thairis sin, tugtar isteach sásra dreasachta spriocdhírithé [cuir isteach tagairt don togra maidir le hathbhreithniú ar CO₂] i gcomhthéacs chaighdeán astaíochtaí feithiclí CO₂ i bhfoirm sárchreidmheasa. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do mhonaróirí feithiclí tairbhe a bhaint as rannchuidiú feithiclí leictreacha beaga chun an sprioc fhoriomlán maidir le hastaíochtaí

³¹ Treoir 70/157/CEE ón gComhairle an 6 Feabhra 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis an leibhéal fuaime is incheadaithe agus leis an gcóras sceite do mhótarfeithiclí (IO L 42, 23.2.1970, lgh. 16–20 <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1970/157/oj/eng>).

³² Rialachán Uimh. 51 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfeithiclí ag a bhfuil ceithre roth ar a laghad maidir lena n-astaíochtaí torainn (IO L 138, 4.6.2018, lgh. 1–69 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2018/798/oj/eng#:~:text=Regulation%20No%2051%20of%20the%20Economic%20Commission%20for,wheels%20with%20regard%20to%20their%20sound%20emissions%20%5B2018%2F798%5D>).

³³ Rialachán Uimh. 59 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le córais ciúnúcháin athchuir a cheadú (IO L, 2025/844, 30.4.2025 <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/844/oj>).

³⁴ Rialachán Uimh. 138 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú Feithiclí Bóthair Iompair atá Ciúin i ndáil lena n-inchloisteacht laghdaithe (IO L 9, 13.1.2017, lgh. 33–63 <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2017/71/oj>).

CO2 le haghaidh an fhlít uile a bhaint amach, rud a fhágfaidh go mbeidh dreasacht láidir ann do mhonaróirí feithiclí méideanna níos airde feithiclí leictreacha beaga a tháirgeadh agus a thráchtáil. Thairis sin, mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluasteán Eorpach, tá an Coimisiún chun Moladh ón gCoimisiún a eisiúint ina mbeidh roghanna le haghaidh scéimeanna dreasachta, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, i gcás inarb infheidhme, ar cruthaíodh a n-éifeachtacht maidir le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn. Is dócha go rachaidh an Moladh ón gCoimisiún chun tairbhe do gach feithicil leictreach, lena n-áirítear feithiclí leictreacha beaga, mar a shainmhínítear san fhochatagóir nua.

Ba cheart do shaoránaigh den Aontas Eorpach na tairbhí a bhfuil coinne leo ón leasú seo a mheas i dtéarmaí buntáistí níos mó agus gluasteán leictreach beag á cheannach nó ina n-úinéireacht acu, ach tá sé sin faoi réir chur chun feidhme na mbeartas sin ar an leibhéal náisiúnta.

Leasú eile atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2018/858 is ea mír 4 nua a thabhairt isteach in Airteagal 5.

Leis an mbeart sin, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arb é is aidhm dóibh ceanglais theicniúla a leagan amach le haghaidh feithiclí lánleictreacha (PEV) agus feithiclí leictreacha hibrideacha le luchtú seachtrach (OVC-HEV), a mhéid a bhaineann le comhéadan cumarsáide agus crua-earraí na bhfeithiclí sin leis an mbonneagar athluchtaithe, leis an eangach leictreachais agus leis na córais chumhachta suite atá in ann tacú le feidhmiúlachtaí luchtaithe chliste agus dhéthroch.

Cé go bhfuil dul chun cinn tapa á dhéanamh maidir le teicneolaíocht feithiclí leictreacha agus go bhfuil méadú ag teacht ar rialáil na hidirghníomhaíochta idir feithiclí, an bhonneagair athluchtaithe, agus na heangaí leictreachais le reachtaíocht nach reachtaíocht earnáilsonrach í (DDC 2.0 - Rialachán (AE) 2016/1388 agus Rialachán maidir le Ceanglais i dtaca le Gineadóirí 2.0 (AE) 2016/631), tá sé ríthábhachtach cur chuige comhchuibhithe a bheith ann maidir le ceanglais theicniúla a bhaineann le feithiclí sa réimse sin chun ilroinnt agus ualach riaracháin agus costais nach bhfuil gá leo a sheachaint.

Amach anseo, beidh cur chuige aontaithe maidir le hidir-inoibritheacht fíor-riachtanach chun dlús a chur le forbairt seirbhísí atá ag teacht chun cinn amhail cumais ó fheithicil go heangach (V2G). Is féidir leis na seirbhísí sin tacú le cobhsaíocht na heangaí, buaicéileamh a réiteach, costais fuinnimh a laghdú d'úinéirí feithiclí leictreacha, agus glacadh níos leithne fuinnimh in-athnuaite a chumasú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006, (AE) 2018/858, (AE) 2019/2144 agus (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála maidir le mótarfeithiclí a shimplíú agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE ón gComhairle agus Rialachán Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91 agus 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I dtuarascáil Draghi 2024 maidir le hiomaíochas Eorpach³⁷ cuireadh i dtábhacht go bhféadfadh líon agus castacht na rialacha teorainn a chur leis an tsolúbthacht atá ag gnóthais an Aontais agus cosc a chur orthu fanacht iomaíoch. In anailís mhionsonraithe ar Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006³⁸, (AE) 2018/858³⁹, (AE) 2019/2144⁴⁰ agus (AE) 2024/1257⁴¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

³⁵ IO C , , lch. . .

³⁶ IO C , , lch. . .

³⁷ https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/draghi-report_en

³⁸ Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/561/oj>).

³⁹ Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj>).

⁴⁰ Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE)

tarraingíodh aird freisin ar an ualach riaracháin iomarcach agus ar na costais iomarcacha a bhaineann leis na ceanglais a leagtar amach iontu. Ar bhonn na dtorthaí sin, is iomchuí oibleagáidí áirithe ar mhonaróirí agus ar údaráis inniúla a shimpliú, ar oibleagáidí iad a leagtar amach i reachtaíocht a bhaineann le mótarfheithiclí agus ualaí agus costais nach bhfuil gá leo a laghdú do ghnólachtaí agus d'údaráis, gan an bonn a bhaint de chosaint an chomhshaoil agus d'fheidhmíocht sábháilteachta feithiclí.

- (2) Sa Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluasteán Eorpach⁴², iarradh pacáiste um shimpliú rialála don earnáil mótarfheithiclí, trí fheabhas a chur ar chomhleanúnachas agus comhsheasmhacht idir ceanglais rialála éagsúla.
- (3) Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí chun na bearta is gá a ghlacadh maidir le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Chomh maith le hAirteagal 114 CFAE, ba cheart bonn sonrath breise a bheith ag an Rialachán seo chun leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE a chumhdach.
- (4) Cé go nglactar an Rialachán seo maidir le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, tacaíonn simpliú agus cuíchóiriú ceanglas teicniúil mótarfheithiclí, nósanna imeachta tástála agus rialacha maidir le cineálcheadú freisin le cuspóir níos leithne an Aontais lánpháirtiú de réir a chéile na dtíortha is iarrthóirí i margadh an Aontais a chothú. Trí chóineasú rialála, ailíniú le Rialacháin ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) agus cur chun feidhme comhleanúnach *acquis* an Aontais a chur chun cinn, rannchuidíonn an Rialachán seo le bacainní teicniúla ar thrádáil a laghdú, slabhraí luacha comhtháite mótarfheithiclí Eorpacha a neartú agus feabhas a chur ar athléimneacht agus iomaíochas éiceachóras mótarfheithiclí na hEorpa, gan difear a dhéanamh do neamhspleáchas dhlí an Aontais ná do neamhspleáchas cinnteoireachta.
- (5) Chun feabhas a chur ar dhálaí oibre tiománaithe, ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar iomaíocht chóir, ceanglaítear le Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³ go ndéanfar tacagraf a shuiteáil i bhfeithiclí earraí ar mó ná 3,5 tona a meáchan. Mar sin féin, le

Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj>).

⁴¹ Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj>).

⁴² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluasteán Eorpach (COM/2025/95 final).

⁴³ Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/165/oj>).

hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, ceadaítear do na Ballstáit na feithiclí a luaitear in Airteagal 13(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a dhíolmhú ón gceanglas sin.

- (6) Mar gheall ar mheáchan an cheallra, d'fhéadfadh feithiclí ceallra-leictreacha tráchtála éadroma a bheith níos mó ná meáchan 3,5 tona agus, dá bhrí sin, tá siad faoi réir na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014, cé go bhfuil an pálasta agus an cás úsáide céanna acu agus atá ag feithiclí tráchtála éadroma ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh atá lasmuigh de raon feidhme na Rialachán sin. Is iarracht mhór d'oibreoirí agus do thiománaithe feithiclí é comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014 agus cuireann sé moill ar an méadú ar an líon feithiclí ceallra-leictreacha tráchtála éadroma.
- (7) Chun costais nach bhfuil gá leo a laghdú do mhonaróirí agus oibreoirí feithiclí, ar cuideachtaí beaga agus meánmhéide go leor acu, ba cheart deireadh a chur leis an gceanglas maidir le suiteáil tacagraf le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha tráchtála éadroma ag a bhfuil meáchan faoi bhun 4.25 tona.
- (8) Ós rud é gur faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh ar cheart an eisceacht sin a úsáid, níor cheart feidhm a bheith ag an díolúine ach amháin maidir le feithiclí leictreacha tráchtála éadroma a bhíonn ag gabháil go heisiach d'iompar intíre.
- (9) Chun an t-ualach a laghdú a chuireann suiteáil agus úsáid ionad tacagraif ar thiománaithe neamhghairmiúla a bhíonn ag tiomáint mótarcharbháin mhóra chun críoch neamhthráchtála agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an éileamh ar fheithiclí den sórt sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta a bheith in ann feithiclí agus oibríochtaí den sórt sin a dhíolmhú ó na rialacha maidir le ham tiomána agus sosa agus ó úsáid an tacagraif, ar choinníoll nach gcuirfear na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán sin i mbaol.
- (10) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ceadaítear cineálcheadú mótarfheithiclí a mhéid a bhaineann le leibhéal fuaimne agus Córais Fhuaimniúla Foláirimh d'Fheithiclí trí Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴ nó trí Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear Rialachán Uimh. 138⁴⁵, Uimh. 51⁴⁶, agus Uimh. 59⁴⁷ ó CEE-NA. Tá an baol ann go mbeidh ilroinnt na margaí mar thoradh ar an gcóras comhthreomhar sin. Thairis sin, tá Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 imithe i léig mar gheall ar easnamh nuashonruithe i gcomparáid leis na trí rialachán thuasluaite ó CEE-NA. Chun creat

⁴⁴ Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le leibhéal na fuaimne ó mhótarfheithiclí agus ó chórais tosta athsholáthair, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE (IO L 158, 27.5.2014, lch. 131, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/540/oj>)

⁴⁵ Rialachán Uimh. 138 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiúin Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú Feithiclí Bóthair Iompair atá Ciúin i ndáil lena n-inchloisteacht laghdaithe [2017/71] (IO L 9, 13.1.2017, lch. 33, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/2017/71\(oj\)](http://data.europa.eu/eli/reg/2017/71(oj))).

⁴⁶ Rialachán Uimh. 51 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiúin Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfheithiclí ag a bhfuil ceithre roth ar a laghad maidir lena n-astaíochtaí torainn [2018/798] (IO L 138, 4.6.2018, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/2018/798\(oj\)](http://data.europa.eu/eli/reg/2018/798(oj))).

⁴⁷ Rialachán Uimh. 59 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiúin Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le córais ciúnúcháin athchuir a cheadú [2025/844] (IO L, 2025/844, 30.4.2025, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/2025/844\(oj\)](http://data.europa.eu/eli/reg/2025/844(oj))).

comhleanúnach agus ailíniú iomlán le Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe a áirithiú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 a aisghairm agus ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 a leasú ionas nach gceadófar ach na Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe is infheidhme a chomhlíonadh.

- (11) Ós rud é go bhfuil teicneolaíocht feithiclí ceallra-leictreacha ag athrú go tapa agus go bhfuil méadú ag teacht ar an líon feithiclí leictreacha ar an margadh, tá an idir-inoibritheacht idir feithiclí, an bonneagar athluchtaithe agus an eangach leictreachais ag éirí níos criticiúla. Tá cur chuige comhchuibhithe maidir le hidir-inoibritheacht ar leibhéal an Aontais fíor-riachtanach chun ilroinnt ceanglas teicniúil áirithe atá á bhforbairt lasmuigh den chreat cineálcheadaithe feithicle a sheachaint, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gCód Gréasáin athbheithnithe (cód gréasáin maidir le nasc éilimh a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/1388 ón gCoimisiún⁴⁸ agus cód gréasáin i dtaobh ceanglais maidir le nasc eangaí gineadóirí a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/631 ón gCoimisiún⁴⁹). Dá bhrí sin, chun cumais chomhchuibhithe feithicle ceallra-leictre a áirithiú agus chun seirbhísí idir-inoibritheacha ó fheithicil go heangach a chumasú, beidh ar na feithiclí ceanglais theicniúla áirithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, chun idir-inoibritheacht idir feithiclí, an bonneagar athluchtaithe agus an eangach leictreachais a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an gcumhachtú i Rialachán (AE) 2018/858 don Choimisiún chun ceanglais theicniúla a leagan amach a mhéid a bhaineann le comhéadan cumarsáide agus crua-earraí feithiclí lánleictreacha (PEV) agus feithiclí leictreacha hibrideacha le luchtú seachtrach (OVC-HEV) leis an mbonneagar athluchtaithe, leis an eangach leictreachais agus leis na córais chumhachta suite.
- (12) Is é an méadú ar dhíolacháin samhlacha feithiclí leictreacha den scoth is mó is cúis leis an aistriú i dtreo iompar de bhóthar níos inbhuanaithe. Mar sin féin, chun leanúnachas an aistrithe sin a áirithiú, is gá feithiclí leictreacha a dhéanamh níos inacmhainne. Le bearta rialála spriocdhírithé (idirthréimhse níos faide le haghaidh ceanglais nua, dreasachtaí spriocdhírithé i gcaighdeáin astaíochtaí feithiclí CO₂), sochair fhioscacha (amhail scéimeanna fóirdheontais) agus neamhfioscacha (amhail spás páirceála forchoimeáda), i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, i gcás inarb infheidhme, is féidir rannchuidiú le hinacmhainneacht níos fearr feithiclí leictreacha beaga. Mar sin féin, ní sholáthraítear sainmhíniú dlíthiúil ar fheithicil leictreach beag sa chreat cineálcheadaithe faoi láthair. Dá bhrí sin, is iomchuí fochatagóir a thabhairt isteach faoin gcatagóir feithicle M1 atá ann cheana.
- (13) Agus cinneadh á dhéanamh maidir le dátaí cur i bhfeidhm na gceanglas a bheidh ann amach anseo maidir le mótarfeithiclí lena ndéanfar difear don fhochatagóir nua feithiclí leictreacha beaga seo, ba cheart an tionchar níos mó go comhréireach ar chostais forbartha a d'fhéadfadh a bheith ag ceanglais nua ar na feithiclí sin i gcomparáid le ceanglais níos troime agus níos costasaí a chur san áireamh.
- (14) Mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach, tá an Coimisiún chun Moladh ón gCoimisiún a eisiúint ina mbeidh roghanna le haghaidh scéimeanna dreasachta ar cruthaíodh a n-éifeachtacht maidir le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn agus a chomhlíonann rialacha

⁴⁸ Rialachán (AE) 2016/1388 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2016 lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Nasc Éilimh (IO L 223, 18.8.2016, lch. 10, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/1388/oj>).

⁴⁹ Rialachán (AE) 2016/631 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2016 lena mbunaítear cód gréasáin i dtaobh ceanglais maidir le nasc eangaí gineadóirí (IO L 112, 27.4.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/631/oj>).

iomaíochta. D'fhéadfadh moltaí do na Ballstáit maidir le bearta fíoscacha (i.e. fóirdheontais cheannaigh, díolúintí ó cháin, díolúine ó dhola bóthair) agus neamhfíoscacha (i.e. leithdháileadh ceart páirceála ar bhonn méid, bonneagar athluchtaithe tiomnaithe, etc.) a bheith bunaithe freisin ar an bhfochatagóir feithiclí nua gluaisteán leictreach beag.

- (15) Le hAirteagal 3(1) de Threoir 92/6/CEE ón gComhairle⁵⁰ maidir le teorantóirí luais a shuiteáil agus a úsáid le haghaidh catagóirí áirithe feithiclí, ceanglaítear teorantóirí luais a shuiteáil agus a úsáid i bhfeithiclí de chatagóir N2 agus N3. Faoin Airteagal sin, ní féidir feithiclí den sórt sin a úsáid ar an mbóthar ach amháin má bhíonn teorantóirí luais feistithe orthu. Comhthátháíodh an ceanglas suiteála i reachtaíocht maidir le cineálcheadú mótarfeithicle le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (16) Mar gheall ar mheáchan an cheallra, d'fhéadfadh feithiclí ceallra-leictreacha tráchtála éadroma a bheith níos mó ná meáchan 3,5 tona agus, tá siad faoi réir an cheanglais teorantóirí luais a bheith feistithe orthu, cé go bhfuil an pálasta agus an cás úsáide céanna acu agus atá ag feithiclí tráchtála éadroma ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh atá lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2019/2144. Leis an gceanglas sin, forchuirtear costais nach bhfuil gá leo ar mhonaróirí feithiclí agus ar fhiontair a cheannaíonn feithiclí den sórt sin, rud a chuireann moill ar an méadú ar an líon feithiclí tráchtála éadroma astaíochtaí nialasacha. Dá bhrí sin, is iomchuí feithiclí astaíochtaí nialasacha de chatagóir N2 ag a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil idir 3,5 agus 4,25 tona a dhíolmhú ón gceanglas teorantóirí luais a bheith feistithe orthu.
- (17) Ceanglaítear ar mhonaróirí feithiclí de chatagóirí M1 agus N1 tástálacha saotharlainne a dhéanamh ar innill ag teochtaí ísle de bhun Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257. Ós rud é go gcuimhdeáítear dálaí teochta na tástála saotharlainne ar theocht íseal le haghaidh astaíochtaí leis an tástáil maidir le truailleán gásach agus Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair ar Astaíochtaí Fíorthiomána, cumhdaítear comhlíonadh astaíochtaí ag dálaí teochta ísle (ag -7 °C) trí cheanglais maidir le hAstaíochtaí Fíorthiomána a chomhlíonadh (ó -7 °C go 38 °C). Dá bhrí sin, chun costais a laghdú do mhonaróirí a bhaineann leis na ceanglais shonracha a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257, is iomchuí deireadh a chur leis an gceanglas saotharlainne tiomnaithe ísealteochta sin toisc nach gcuirfidh deireadh den sórt sin isteach ar chaighdeáin chomhshaoil a áirithítear leis an tástáil ar Astaíochtaí Fíorthiomána
- (18) Ceanglaítear le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257, chun tástáil inneall a dhéanamh ar fheithiclí tromshaothair, go ndéanfar tástálacha léirithe ar na breoslaí uile is infheidhme laistigh de gach cineál feithicle. Chun costais riaracháin a bhaineann leis na tástálacha sin a laghdú go mór gan cur isteach ar chaighdeáin chomhshaoil, is iomchuí ceanglais tástála ar leibhéal na catagóire feithicle a thabhairt isteach i dtáblaí 1, 2, 3, 4, 7 agus 8 d'Iarscríbhinn V sin.
- (19) Le Rialachán (AE) 2024/1257, tugtar isteach córais faireacháin ar bord (OBM) agus feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh (OBFCM), arb é is aidhm dóibh seiceálacha comhlíontachta fíor-ama, iarrachtaí comhchuibhithe,

⁵⁰ Treoir 92/6/CEE ón gComhairle an 10 Feabhra 1992 maidir le teorantóirí luais a shuiteáil agus a úsáid le haghaidh catagóirí áirithe feithiclí sa Chomhphobal (IO L 57, 2.3.1992, lch. 27, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1992/6/oj>).

formhaoirseacht saolré, costais tástála laghdaithe, agus bearta forfheidhmiúcháin cuíchóirithe a éascú. Chun sonraí OBM agus OBFCM a fháil, a phróiseáil agus a stóráil go héifeachtúil, is gá a shoiléiriú go gcumhdaítear freisin le cumhachtú an Choimisiúin maidir le bearta cur chun feidhme a ghlacadh na modhanna agus na gceanglas is gá chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cineálacha feithiclí.

- (20) Chun soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú tar éis aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 ina raibh foráil lena n-aisghairtear Rialachán 70/157/CEE ón gComhairle⁵¹, is gá foráil a dhéanamh maidir le haisghairm Threoir 70/157/CEE ón gComhairle sa Rialachán sin. Chun am leordhóthanach a thabhairt do mhonaróirí feithiclí a bpróisis táirgthe a choigeartú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an idirthréimhse ina bhféadfaí feithiclí a fhormheas fós i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 540/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006

Leasaítear Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 mar a leanas:

- (1) cuirtear an pointe (fa) seo a leanas isteach:
- ‘(fa) feithiclí a úsáidtear chun earraí a iompar agus a thiomáintear le leictreachas, ar mó ná 3,5 tona a n-uasmhais incheadaithe, lena n-áirítear mais leantóra nó leathleantóra, ach nach mó ná 4,25 tona í;’
- (2) cuirtear an pointe (s) seo a leanas leis:
- ‘(s) mótarcharbháin, mar a shainmhínítear i gCuid A, pointe 5.1, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, a úsáidtear go heisiach le haghaidh iompar neamhthráchtála.’

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2018/858

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 5, cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:
- ‘4. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí cheanglais theicniúla a leagan síos a mhéid a bhaineann le comhéadan cumarsáide agus crua-earraí feithiclí lánleictreacha (PEV) agus feithiclí leictreacha hibrídeacha le luchtú seachtrach (OVC-HEV) leis an mbonneagar athluchtaithe, leis an eangach leictreachais agus leis na córais chumhachta suite atá in ann tacú le feidhmiúlachtaí luchtaithe chliste agus dhéthreoch.’

⁵¹ Treoir 70/157/CEE ón gComhairle an 6 Feabhra 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis an leibhéal fuaime is incheadaithe agus leis an gcóras sceite do mhótarfeithiclí (IO L 42, 23.2.1970, lch. 16, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/157/oj>).

- (2) Leasaítear Iarscríbhinní I agus II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/2144

In Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/2144, cuirtear an mhír 5a seo a leanas leis:

‘5a. Feithiclí de chatagóir N2 a thiomáintear le leictreachas, ag a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil idir 3,5 agus 4,25 tona, ní cheanglófar teorantóirí luais a fheistiú orthu i gcomhréir le Rialachán Uimh. 89 ó na Náisiúin Aontaithe.’

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2024/1257

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 mar a leanas:

- (1) Airteagal 14(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):
- ‘(j) na modhanna, ceanglais agus tástálacha, lena n-áirítear tairseacha comhlíontachta, chun feidhmíocht na bhfeistí OBFCM, córas OBD agus OBM agus braiteoirí na bhfeistí agus na gcóras sin, le haghaidh chumarsáid sheachtrach na sonraí a thairseáid na feistí agus na córais sin a áirithiú, lena n-áirítear chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cineálacha feithiclí;’;
- (2) leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Aisghairmeacha

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 540/2014.
2. Aisghairtear Treoir 70/157/CEE le héifeacht ón 1 Iúil 2027.

Airteagal 6

Forálacha idirthréimhseacha

Deimhnithe comhréireachta le haghaidh feithiclí nua a tháirgtear tar éis [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus a formheasadh roimh an 1 Iúil 2028 i gcomhréir le Rialachán (AE) 540/2014, leanfaidh siad de bheith bailí chun críocha Airteagail 48 agus 49 de Rialachán (AE) 2018/858.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ó [an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*]. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 3 ón...[dáta trasuite sa togra lena leasaítear Treoir 92/6]

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
